Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14470/23**

**INST 406**
**POLGEN 146**
**AG 122**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Clársceidealú reachtach<br>- *Malartú tuairimí* |

**Réamhrá**

1. In 2016, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a atreisiú tríd an gcomhaontú idirinstitiúideach maidir le reachtóireacht níos fearr[1] (IIA-BLM míreanna 4 - 11). Chomh maith leis sin in 2016, d'fhormheas an Chomhairle a socruithe praiticiúla maidir le clársceidealú bliantúil.[2]

2. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag an gclársceidealú ilbhliantúil agus ag na cláir bhliantúla a tháinig ina dhiaidh sin a áirithiú go n-oibreoidh na trí institiúid, ag gníomhú dóibh go héifeachtach le chéile laistigh dá gcumhachtaí agus dá sainchumais féin, chun comhchuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach.

[1] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1
[2] 6879/16

3. I gcomhréir le IIA-BLM (mír 6), rachaidh an Coimisiún i mbun idirphlé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle, sula nglacfar a Chlár Oibre bliantúil agus ina dhiaidh sin araon. Ag an gcruinniú a bhí aici an 15 Meán Fómhair 2023, bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) ar bhonn na *Litreach intinne*[3] ón gCoimisiún, ina leagtar amach na príomhghnéithe lena dtreoraítear ullmhú chlár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024.

**Clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024**

4. Áirítear i gclár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024[4] sé cinn de phríomh-uaillmhian, 15 chuspóir beartais nua, dhá thionscnamh go cúig thionscnamh reachtach nua agus sé thogra le haghaidh aistarraingtí, chomh maith le 154 chomhad tosaíochta leanúnacha a shainaithint.

Sainaithnítear ann freisin gur tosaíocht chothrománach é an t-ualach riaracháin a laghdú do ghnólachtaí, do riaracháin agus do shaoránaigh, lena n-áirítear 41 thogra agus tionscnamh chun ceanglais um thuairisciú an Aontais a réasúnú, go háirithe i gcás fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus gnólachtaí nuathionscanta (ar cuireadh 36 díobh chun tosaigh roimh chlár oibre 2024 nó in éineacht leis an gclár oibre sin agus cúig cinn díobh a thíolacfar ina dhiaidh sin) agus 16 mheastóireacht agus seiceáil oiriúnachta.

5. An 15 Samhain 2023, cuirfidh an Coimisiún a chlár oibre le haghaidh 2024 faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta), a mbeidh seisiún tuairimíochta aici ina leith.

6. Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na ceisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an seisiún tuairimíochta.

---

[3] 12541/23
[4] 13917/23 + ADD 1

**IARSCRÍBHINN**

**Clársceidealú reachtach: Seisiún tuairimíochta**

Tráth a bhfuil coinbhleacht leanúnach agus mhéadaithe sa chomharsanacht, anuas ar na géarchéimeanna aeráide, sláinte agus costas maireachtála a raibh ár n-institiúidí agus ár sochaithe ag déileáil leo le blianta beaga anuas, tá an tAontas Eorpach ag díriú ar bhliain chinniúnach dá thodhchaí. Sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2023[5], thug an Chomhairle Eorpach dá haire, i bhfianaise na ndúshlán atá ann agus atá ag dul i gcastacht, go bhfuil bonn láidir eacnamaíoch de dhíth ar an Aontas Eorpach chun a iomaíochas fadtéarmach a áirithiú mar aon leis an gcothrom iomaíochta, go hinmheánach agus ar fud an domhain, bonn a mbeadh Margadh Aonair lánfheidhmiúil gona cheithre shaoirse ina chroílár. Leag sí béim freisin ar an ngá atá le dlús a chur leis an obair i roinnt réimsí, lena n-áirítear an t-ualach rialála a laghdú.

Den mheon céanna, tugtar tús áite i gclár oibre 2024 an Choimisiúin, an clár oibre deireanach a glacadh sa téarma reachtach reatha, do thograí reachtacha atá ar feitheamh a chur i gcrích roimh thionscnaimh nua chomh maith leis an ualach riaracháin agus na ceanglais um thuairisciú a laghdú.

I dtaca leis an seisiún tuairimíochta maidir leis an gclársceidealú reachtach sa Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 15 Samhain 2023, ba mhaith leis an Uachtaránacht a iarraidh ar na toscaireachtaí díriú ar na ceisteanna seo a leanas:

– Cad iad na réimsí beartais nó na téamaí ar cheart tosaíocht a thabhairt dóibh roimh dheireadh théarma reachtach 2019-2024? Agus cad iad na cinn ar cheart aird a thabhairt orthu tar éis 2024?

– Sa liosta tograí a ghabhann le clár oibre an Choimisiúin le haghaidh 2024, cé na tograí atá faoi réir an ghnáthnóis imeachta reachtaigh (nua agus/nó atá ar feitheamh) ar cheart béim a leagan orthu roimh dheireadh an téarma reachtaigh reatha?

---

[5] EUCO 14/23